**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2222 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14 Iúil 2023**

**lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse a leagtar síos le haghaidh tagarmharcanna tríú tír in Airteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag freagairt do Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 54(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/1011 na rialacha maidir le húsáid a bhaint as tagarmharcanna tríú tír arna soláthar ag riarthóirí tagarmharcanna tríú tír in eintitis faoi mhaoirseacht san Aontas ('córas tríú tír'). Leis an Rialachán sin cuirtear srian ar chumas na n-eintiteas san Aontas tagarmharcanna tríú tír a úsáid.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2016/1011, mura mbeidh cinneadh coibhéiseach dá dtagraítear in Airteagal 30(2) nó (3) den Rialachán sin glactha ag an gCoimisiún, nó mura rud é go mbeidh aitheantas tugtha do riarthóir de bhun Airteagal 32 den Rialachán sin, nó mura rud é go mbeidh tagarmharc formhuinithe de bhun Airteagal 33 den Rialachán sin, ní cheadófar d'eintitis faoi mhaoirseacht san Aontas úsáid a bhaint as tagarmharc tríú tír ach amháin le haghaidh ionstraimí airgeadais, conarthaí airgeadais den sórt sin agus tomhais den sórt sin ar fheidhmíocht ciste infheistíochta a dhéanann tagairt cheana féin don tagarmharc san Aontas, nó a fhormhuiníonn tagairt do thagarmharc den sórt sin roimh an 31 Nollaig 2023.

(3) Chun meastóireacht a dhéanamh ar an staid agus chun an tuarascáil a cheanglaítear le hAirteagal 54(7) de Rialachán (AE) 2016/1011 a ullmhú, lorg an Coimisiún aiseolas i gcomhairliúchán spriocdhírithe idir an 20 Bealtaine 2022 agus an 12 Lúnasa 2022 maidir le húsáid an chórais tríú tír a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/1011 tar éis dheireadh na hidirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2016/1011. Chuir na freagróirí i dtábhacht go bhfuil gá le síneadh a chur le hidirthréimhse an chórais tríú tír, ós rud é nach mbeadh eintitis faoi mhaoirseacht san Aontas in ann úsáid a bhaint a thuilleadh murach sin as formhór na dtagarmharcanna arna soláthar ag riarthóirí tríú tír le haghaidh ionstraimí airgeadais, conarthaí airgeadais agus tomhais ar fheidhmíocht ciste infheistíochta nach ndéanann tagairt do na tagarmharcanna sin go fóill.

(4) An 14 Iúil 2023, chuir an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le raon feidhme Rialacháin (AE) 2016/1011, go háirithe sa mhéid a bhaineann le húsáid leanúnach tagarmharcanna tríú tír ag eintitis faoi mhaoirseacht agus maidir leis na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith sa chreat reatha.

(5) Ar bhonn na tuarascála sin, cinneann an Coimisiún nár ghlac formhór na riarthóirí tagarmharcanna tríú tír na bearta is gá chun ullmhú do dheireadh na hidirthréimhse an 31 Nollaig 2023, mar a leagtar síos in Airteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2016/2011, agus chun a áirithiú go mbainfear úsáid leanúnach as a dtagarmharcanna san Aontas tar éis an dáta sin. Tá an mhainneachtain le hullmhú sin ina cúis imní d'eintitis faoi mhaoirseacht an Aontais a bhíonn ag brath ar thagarmharcanna tríú tír áirithe. D'fhéadfadh suaitheadh tobann ar an rochtain ar thagarmharcanna tríú tír le haghaidh eintitis faoi mhaoirseacht an Aontais a bheith ina bhagairt áirithe freisin don chobhsaíocht airgeadais. Thairis sin, le cur i bhfeidhm na caibidle tríú tír dhéanfaí rochtain na rannpháirtithe sa mhargadh san Aontas ar fhormhór na dtagarmharcanna ar domhan a bhaint díobh. Leis sin chuirfí cuid de na rannpháirtithe sa mhargadh san Aontas faoi mhíbhuntáiste mór domhanda san iomaíocht dhomhanda.

([1]) IO L 171, 29.6.2016, lch. 1.

(6) Is iomchuí síneadh 2 bhliain a chur leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2016/1011 go dtí an 31 Nollaig 2025 chun a chur ar a gcumas do na heintitis faoi mhaoirseacht san Aontas úsáid a bhaint as na tagarmharcanna arna soláthar ag an riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír. Leis an síneadh sin, cuirfear ar a gcumas do chuideachtaí san Aontas leanúint dá ngníomhaíochtaí gnó.

(7) Chun a áirithiú go gcuirfear síneadh leis an idirthréimhse atá ann cheana sula rachaidh sí in éag, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2016/1011 go dtí an 31 Nollaig 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN